# Roinnt moltaí maidir le

# Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028

**curtha isteach ag**

**Donncha Ó hÉallaithe B.E.**

Meán Fómhair

1. **Cois Fharraige:** I gCois Fharraige ó fhágfaidh tú Bearna, níl soláthar curtha ar fáil le haghaidh forbairtí tithíochta ach i ndá áit shráidbhaile - An Spidéal agus An Cheathrú Rua. Tá pobal mór, breis is 4,000, duine ina gcónaí sa cheantar cois chósta toabh amuigh de na sráidbhailte sin, idir Abhann An Spidéil agus Abhann Casla. Sin i bhfad níos mó Portumna (1,450 duine) ná An Clochán (1,597) ná an baile Gort (2,994 duine) do réir Daonáireamh 2016. Ó thaobh cúrsaí pleanála cuirtear i bhfeidhm rialacha pleanála amhail is gur ceantar tuaithe atá ann agus teaghlaigh ag braith ar an dtalamhaíocht mar phíomh slí bheatha. B'shin mar a bhíodh. Ní mar sin atá anois ná le fada. De bharr polasaithe an rialtais agus obair Údarás na Gaeltachta, tá go leor fostaíocht taobh amuigh den talamhaíocht curtha ar fáil sa gceantar leis an aidhm daoine ón gceantar a choinneáil ag obair sa Ghaeltacht. Ach níl aon mhaith le Údarás na Gaeltachta ag iarraidh fostaíocht a chur ar fáil i gCois Fharraige do dhaoine ón gceantar mura bhfuil polasaí dearfach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe maidir le tithíocht. Ach sé fírinne an scéil gur deacair daoine a choinneáil sa gceantar de bharr polasaí diúltach an Chomhairle Chontae a cruthaíonn go leor bacanna ar dhaoine atá ag lorg cead pleanála le teach a dhéanamh. Do réir figiúirí ó Údarás na Gaeltachta i gCois Fharraige tá 1,600 duine ag obair i bhfostaíocht a fuair tacaíocht ón Údarás sna cliant chomhlachtaí atá ag an Údarás. Cuid mhaith acu bíonn orthu dul chun cónaí i nGaillimh, Bearna, Maigh Chuilinn, áiteanna a bhfuil polasaí dearfach i leith tithíocht ag an gComhairle Chontae. Nuair a bhíonn ar cainteoir dúchais Ghaeilge an ceantar ina bhfuil sé nadúrach dóibh Gaeilge a labhairt, le dul chun cónaí in áit nach bhfuil an Ghaeilge in úsáid tá úsáid na Gaeilge á dhéanamh níos laige in áit é a bheith á neartú.

2. **Patrún Lonnaíochta:** Sé an patrún lonnaíochta atá sa gceantar idir An Spidéal agus An Cheathrú Rua ná tithe ar

shuíomh aonair ar na bóithríní atá ag ceangail leis an R336. Tá sé tábhachtach go n-aithneofaí é sin sa phlean nua atá á réiteach, seachas a bheith ag iarraidh pleanáil a dhéanamh amhail is gur ceantar tuaithe atá ann, inar ceart an dlús tithe a choinneáil íseal.

3. **Gnéithe an Bhaile Beag:** I gceantar Chois Fharraige idir Abhainn an Spidéil agus Abhainn Chasla tá trí eastáit tionsclaíoch, scoil iar-bhunoideachais, 3 bunscoil mór le beagnach 350 dalta eatarthu, 3séipéal, marbhlann, ollmhargadh agys siopaí móra, seirbhís bainc ón gComhar Creidmheasa, comharchumann forbartha, amharclann, Stáisiún Teilifís, Ionad Leighis, 2 scéim tithíochta do sheandaoine, Ionad Tacaíochta Teaghlaigh, 3 coláiste Ghaeilge, piniúr liathróid lámha agus 2 pháirc spóirt ina mbíonn cluichí móra ar bun idir clubanna. Ní fhéadfaí a rá gur ceantar uirbeach é ach ní féidir a rá gur ceantar tuaithe é ach an oiread. Tá meascán de gnéithe na tuaithe agus gnéithe an bhaile beag ag baint leis. Is ceart é sin a aithint sa bPlean Forbartha nua, más faoin bplean freastal ar riachtanais an phobail atá ina gcónaí sa gceantar i mbealach réalaíoch.

4. **Droch Phleanáil san Spidéal:** Sa Spidéal tá talamh zónáilte le haghaidh tithíochta le freastal ar riachtanais tithíochta an cheantair. Ina áit sin tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag ceadú tithe aonair do dhaoine, gan ón riachtanas tithíochta ná coinníoll teanga. An toradh ar sin ná (i) daoine ón áit, ní acmhainn dóibh na suíomhanna a cheannach le teach a dhéanamh agus iad á dhíol ar an margadh oscailte gan aon riachtanas tithíochta riachtanach ná aon chumas Gaeilge; (ii) Tá an polasaí seo ag tarraingt daoine ag An Spidéal nach bhfuil baint acu leis an áit, nach bhfuil Gaeilge acu agus ar comaitéirí (commuters) iad go Gaillimh, atá ag cur leis an trácht ar an R336, ag cur brú ar an nGaeilge sna scoileanna áitiúla agus ag laghdú úsáid an talaimh atá ar fáil le freastal ar riachtanais tithíochta an cheantair. DROCH PHLEANÁIL atá anseo, a bhfuil sé in am deireadh a chur leis. Is ceart go mbeadh an

talamh a zónáiltear le haghaidh tithíochta á úsáid le scéimeanna tithíochta do dhaoine le riachtanais tithíochta agus go mbeadh seirbhísí ar nós séarachais, uisce, leictreachais á chur ar fáil i bpáirt. DEA PHLEANÁIL a bheadh ansin.

5. **Gaeilge agus Tithe Aonair:** Tugann Comhairle Chontae na Gaillimhe cosaint don Ghaeilge mar theanga pobail, i Plean Forbartha an Chontae, i gcás forbairtí le 2 theach nó níos mó. Ach ní thugtar cosaint i gcás tithe aonair. Mar shampla ar an bhfoirm iarratais le cead pleanála a fháil ní iarrtar AON cheist faoi chumas Gaeilge an iarratasóra ná an teaghlach. Ar an gcaoi sin ní féidir idirdhealú a dhéanamh idir iarratas a fhéadfadh dochar a dhéanamh do sheasamh na Gaeilge agus iarratas a fhéadfadh leas a dhéanamh. Tá sé seo siléigeach agus níl sé ag tíocht leis an dualgas reachtúil atá ar an gComhairle Chontae faoin Acht Pleanála agus Forbartha 2000.

6. **Bóthair Chois Fharraige:** Tá sé thar am a aithint go bhfuil an oiread tráchta ar an R336, is atá ar chuid de na bóithre náisiúnta sa gContae agus uasghrádú a dhéanamh ar an mbóthair. Chuige sin ní mhór don Chomhairle Chontae plean a leagan amach leis an mbóthair a fheabhsú is a dhéanamh níos sábháilte.

7. **Ceist an Leath-Acra:** Tá rialacha pleanála i bhfeidhm i gceantar Chois Fharraige atá gan mórán réasúin agus feictear do dhaoine nach bhfuil aon consistency ann faoin mbealach a chuirtear iad i bhfeidhm. An rud atá coscaithe ar duine amháin a dhéanamh ceadaítear don chéad duine eile, anois is arís ar an suíomh céanna nó ar an mbóithrín céanna! Mar geall ar sin níl mórán muinín ag daoine as an gcóras pleanála agus is trua é sin. Tá gá le rialacha soiléire pleanála agus ba chóir go mbeidís réasúnta agus gan a bheith ag cur bacanna mí-réasúnta pleanála roimh daoine. Mar shampla cén fáth go gcaithfidh 0.5 acra a bheith i suíomh le haghaidh teach aonair i gceantar ina cheadaítear dhá theach nó níos mó ar 0.5 acra do forbróirí? Ní

theastaíonn 0.5 acra ar Oileáin Árann. Níl aon chúis mhaith pleanála, in áit a bhfuil ganntan suíomhanna feiliúnacha, go mbeadh an Comhairle Chontae ag iarraidh go mbeadh 0.5 acra ar a laghad i ngach suíomh i gCois Fharraige.

8. **Seirbhís Pleanála i dTeanga na hÁite:** Go minic ní bhíonn Gaeilge líofa ag na pleanálaithe a bhíonn ag déileáil le pleanáil i nGaeltacht Chonamara. Cén caoi a mbíonn siad in ann aird a thabhairt ar aighneachtaí i nGaeilge, foirmeacha iarratais líonta i nGaeilge etc?

9. **Banc Talún le haghaidh Tithe Sóisialta:** Le freastal ar daoine i Cois Fharraige atá ar an liosta tithíochta, ba chóir don Chomhairle Chontae banc talaimh feiliúnach a chur le chéile le tithe sóisialta nó tithe ar phraghas réasúnta a thógáil. Tá daoine sa gceantar a bhfuil riachtanas tithíochta acu, nach acmhainn dóibh teach a thógáil dóibh féin. Cuid acu tá siad ag maireachtáil le fada i dtithe ar chíos atá tais agus dainséarach ó thaobh sláinte de.

10. **Éileamh Órgánach ar Thithíocht:** Tá éileamh mór ar tithíocht i bpobal Chois Fharraige: daoine ag pósadh agus ag iarraidh lonnú ina gceantar dúchais; daoine ón gceantar ag filleadh ar a bhfód dúchais; nó daoine tiomanta don Ghaeilge atá ag iarraidh lonnú i gceantar ina bhfuil an Ghaeilge in úsáid go forleathan i measc an phobail. Is ceart don Phlean Forbartha nua freastal ar an éileamh orgánach sin, mar go láidreodh sé an pobal agus go láidreodh sé an Ghaeilge mar theanga pobail chomh maith.

11. **Cosaint na Gaeilge:** Is maith go mbeadh sé luaite mar chuspóir ag an gComhairle Chontae go bhfuil sé mar pholasaí ‘oidhreacht teangeolaíochta agus chultúir na Gaeltachta a chosaint agus an Gaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail’. Chun é sin a chur i gcrích ní mhór beartais le daoine le Gaeilge mhaith a mhealladh le lonnú sa gceantar. Chuige sin ba

cheart an polasaí 'Neartú Gaeltachta' a bhí mar chuid de Phlean Áitiúil na Gaeltachta 2010 - 2018 a bheith sa bPlean Forbartha 2022-2028 do cheantar Chois Fharraige.

12. **Comharthaí ar an mBóthair:** Tá go leor comharthaí crochta ag lucht gnó ar thaobh an bhóthair R336 i mBéarla amháin nó i mBéarla ar an gcuid is mó. Ba cheart go mbeadh sé mar pholasaí, mar a bhíodh, go mbeadh comharthaíocht in áiteacha poiblí, curtha suas ag lucht gnó, i nGaeilge amháin nó i nGaeilge/Béarla ach an Gaeilge in uachtar agus níos feiceálaí ná an Béarla. Baineann sé ó charactar Gaeltachta na háite nuair a fheictear comharthaíocht i mBéarla amháin nó i mBéarla ar an gcuid is mó. Theastódh dul i ngleic leis an bhfadhb seo, atá ag fáil níos measa in aghaidh na bliana.

13. **Cúlfhorbairtí a Cheadú:** Tá suíomhanna feiliúnacha i gCois Fharraige gann mar geall ar pholasaithe pleanála an Chomhairle Chontae. Chabhródh sé le fadhb na tithíochta i gCois Fharraige a réiteach dá n-osclófaí suas níos mó talamh tré cúlfhorbairtí (backland development) a cheadú, tré níos mó ná teach amháin a cheadú ar shuíomh mór a dhóthain, tré cead a thabhairt ar bhóithrí nach bóithre poiblí iad.

14. **Clusters Tithíochta a Fhorbairt:** Tá sé in am don Chomhairle Chontae a bheith fág cothú *clusters* i agus a bheith fabhrach le iarratais ina mbeadh cead á iarraidh ag daoine a thiocfadh le chéile le roinnt bheag tithe (2 go 4) a dhéanamh ar shuíomh amháin, le córas amháin séarachais á úsáid acu. Dea phleanáil a bheadh ann agus ba chóir a bheith níos báiúla leis an gcineál iarratais sin.

15. **Tithe Sóisialta:** Tá go leor daoine le riachtanas tithíochta acu nach acmhainn dóibh teach a thógáil iad féin ná teach a

cheannach. Níor cheart go mbeadh ar dhaoine ó Chois Fharraige ar an liosta tithíochta, bogadh amach as a gceantar dúchais, le teach ar chíos a fháil ón gComhairle Chontae, mar a tharlaíonn go minic. Ba cheart go mbeadh tithe sóisialta nó tithe a bheadh ar phraghas réasúnta faoi scéimeanna an rialtais á thógáil i gCois Fharraige le daoine ón áit a choinneáil ann.

16. **Teaichín Breise ar Suíomh:** Cuirfeadh sé leis an soláthar tithíochta sa gceantar, dá mbeadh an Comhairle Chontae báiúl le iarratais pleanála a bheadh ag cuartú cead le teaichín a dhéanamh ar suíomh tí, atá tógtha cheana, ag úsáid an córas séarachais chéanna.

17. **Scathláin Bus:** Is mór an náire don Chomhairle Chontae go mbíonn ar daoine a usáideann busanna seasamh sa mbáisteach ag fanacht ar bus ar an R336. Ni tharlódh sé i dtír bocht ach tarlaíonn sé i gConamara. Má tá sé mar rún ag an gComhairle Chontae go mbeadh níos mó úsáid á bhaint as seirbhís bus le daoine a thabhairt isteach is amach go Gaillimh, ar scoil, ar obair, ní mhór don Chomhairle Chontae féachaint chuige go gcuirfear scathláin bus ar fáil do dhaoineLe níos mó daoine a mhealladh le úsáid a bhaint as busanna, ní mhór go gcuirfí scáthláin bus ar fáil ar an R336, Roghnódhi bhfad níos mó daoine an bus seachas an carr, mura mbeadh orthu fanacht sa bháisteach ar bhus.

18. **An R336 a Fheabhsú:** Tá sé in am deireadh a chur leis an mbrionglóidíocht faoi Bóthair nua idir Gaillimh agus Scríob nó Gaillimh agus Ros a' Mhil. Tá infheistíocht mhór á dhéanamh ar an mbóthair ó thuaidh idir Gaillimh agus An Clochán. Tá an oiread céanna tráchta ar an R336 ach níl aon feabhas á chur air ná infheistíocht á dhéanamh air. Tá go leor a fhéadfaí a dhéanamh le go mbeadh an trácht in ann gluaiseacht níos éasca agus le go mbeadh an bóthair níos sábháilte. Ba cheart tuarascáil

a iarraidh faoi bealaía fhéadfaí feabhas a chur ar an R336 agus gníomhú ar na moltaí a thiocfadh as.

19. **Bealach Glas do Rothaithe:** In áit a bheith ag brionglóidíocht faoi Bóthair nua as an bpíosa idir Gaillimh agus Ros a' Mhíl, ba mhaith é go mbeadh sé mar chuid den Phlean Forbartha go dtógfaí, a bheadh feiliúnach do rothaithe ag tíocht amach as Gaillimh chomh fada leis an Spidéal, ansin Baile na hAbhann agus siar go dtí An Cheathrú Rua. Tá airgead mór le caitheamh ag an rialtas seo ar na Bealaigh Glasa. Bíodh sé sa bPlean Forbartha go bhfuil Gealach Glas le cur siar Cois Fharraige, a bhainfeadh cuid mhaith de na rothaithe ón R336, rud a chabhródh leis an trácht chomh maith.

20. **Seachród thart ar An Spidéal:** Ní mhór é a bheith sa bPlean Forbartha go ndéanfar seachród (bypass) timpeall ar An Spidéal leis an mbrú tráchta a laghdú sa sráidbhaile.

*21.* **Dleacht ar na Muilte Gaoithe:** Aontaím leis an moladh go ngearrfadh an Chomhairle Chontae dleacht ar úinéaraí na muilte gaoithe le ciste a dhéanamh a bheadh ar fáil le caitheamh ar feabhsú na gceantar bárdasach ina bhfuil na muilte gaoithe lonnaithe. Déantar i dtíortha eile é. Cén fáth nach féidir é a dhéanamh anseo. Ach theastódh go mbeadh an t-airgead a bhaileofaí *ringfenced.*

Críoch.